Dé Céadaoin 9. Márta 2022

P9_TA(2022)0060

Siopaí saor ó cháin atá suite i gcríochfort na Fraince de Thollán Mhuir nIocht *

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 2022 ar an Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2008/118/CE agus Treoir (AE) 2020/262 (athmhúnlú) a mhéid a bhaineann le siopaí saor ó cháin atá suite i gcríochfort na Fraince de Thollán Mhuir nIocht (COM(2021)0817 – C9-0016/2022 – 2021/0418(CNS))

(Nós imeachta reachtach speisialta – comhairliúchán)

(2022/C 347/24)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2021)0817),

— ag féachaint d'Airteagal 13 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C9-0016/2022),

— ag féachaint do Riail 82 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0035/2022),

1. ag formheas an togra ón gCoimisiún;

2. á iarraidh ar an gComhairle fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag Parlaimint na hEorpa;

3. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa arís, má tá sé ar intinn aici an téacs atá formheasta ag Parlaimint na hEorpa a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.